M. 71T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% d'iomlán na marcanna don Ealaín

**Déardaoin, 15 Meitheamh, Tráthnóna, 2.00 - 4.30**

**Treoracha**

- Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1000 AD – go dtí an Lá Inniu ) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).
- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).
- Is cóir sceitsí agus léaráidí a úsáid pé áit ar féidir chun do chuid pointí a léiriú.
- Déan tagairt do na **léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo** de réir mar is gá

# ROINN 1 – An Ealaín in Éirinn

**1.** Déan cur síos agus plé ar an suíomh meigiliteach i mBrú na Bóinne agus bíodh tagairt i do fhreagra don suíomh, don struchtúr agus don mhaisiúchán
**agus**
pléigh an fheidhm a bhain le Brú na Bóinne, agus bíodh tagairt agat do scileanna agus do chreideamh spioradálta na ndaoine a thóg é.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**2.** Tá fianaise le feiceail sa mhaisiúchán i Leabhar Dharú go raibh tionchar air ag pátrúin agus ag móitífeanna a fuarthas ar chloch agus ar mhiotal ón tréimhse réamh-Chríostaí.
Pléigh an ráiteas sin agus tú ag tagairt ***don léaráid ar an mbileog leis seo***
**agus**
déan cur síos agus plé ar leathanach amháin eile as aon lámhscríbhinn de do rogha féin.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé ar na trí shampla d'earraí reiligiúnacha ón 11ú agus 12ú haois ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt agat don fhoirm, do na hábhair, don mhaisiúchán, agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh.
**agus**
Mínigh feidhm na n-earraí sin, faoi seach, agus déan comparáid eatarthu.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Bhí an-tóir ar an bpláistéireacht (stucco) mar ghné den mhaisiúchán ar an taobh istigh de thithe breátha Seoirseacha na hÉireann san 18ú hAois.
Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán, agus an phláistéireacht den taobh istigh san áireamh, i gcás teach mór tuaithe nó teach baile mhóir Seoirseach ar bith a ndearna tú staidéar air.
**agus**
Déan cur síos ar cheithre ghné chomónta ar a laghad den stíl ailtireachta Sheoirseach.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Pléigh go mion an chaoi a raibh tionchar ag turais na n-ealaíontóirí thar lear ar na pictiúir ealaíne ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra d'ábhar, do chumadóireacht agus do stíl na péintéireachta.
**agus**
Ainmnigh na healaíontóirí agus tabhair cuntas achomair ar shaothar duine díobh.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Déan comparáid agus contrárthacht mhion idir an dá shaothar dealbhóireachta ar an téama 'gorta', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
I do thuairim féin, cé chomh maith is a éiríonn le gach saothar díobh téama an ghorta a chur in iúl agus a shiombalú?
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Déan cur síos agus plé ar shaothar duine **amháin** de na hailtirí/péintéirí/dearthóirí seo a leanas:
Ailtirí - Barry Byrne, Liam McCormick, Sam Stephenson
Péintéirí – Edward McGuire, Martin Gale, Graham Knuttel
Dearthóirí – Philip Treacy, Lainey Keogh, John Rocha
**agus**
pléigh saothar ainmnithe amháin a rinne do rogha ealaíontóra agus bíodh tagairt shonrach agat don chumadóireacht/dearadh, meán/ábhair, stíl agus cáilíochtaí físiúla.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – go dtí an Lá Inniu)

**8.** Pléigh go mion an fhuinneog ghloine dhaite ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.*** Bíodh tagairt i do fhreagra don phlean iomlán/dearadh, téama agus cumadóireacht, úsáid dathanna agus an teicníocht a úsáideadh chun í a dhéanamh
**agus**
pléigh conas mar a chuir fuinneoga daite leis an éifeacht iomlán in ardeaglais Ghotach ainmnithe a ndearna tú staidéar uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Pléigh go mion na gnéithe nuálacha a thug Giotto (1266-1337) leis chun na healaíne agus tagairt agat do **dhá** shaothar dá chuid
**agus**
ainmnigh ealaíontóir amháin de chuid an Renaissance luath ina léirítear tionchar Giotto ar a shaothar.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé ar shaothar amháin le Botticelli (1444-1510) a thaispeánann téama miotaseolaíochta. Déan tagairt do théama, meán, cumadóireacht agus stíl.
**agus**
Pléigh an chaoi ar chaith Botticelli leis an bhfíor bhaineann ina shaothar.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Is féidir leibhéal eile brí a chur le pictiúr ealaíne le siombalachas an tsuímh ar leith nó trí earraí ar leith a chur isteach ann.
Pléigh na leibhéil bhrí in 'Bainis Arnolfini' le Jan van Eyck, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*****,**
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair pictiúr amháin eile le van Eyck nó pictiúr le healaíontóir eile ó Thuaisceart na hEorpa.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Déan cur síos agus plé ar phortráid Raphael den Phápa Leo X, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, agus tagairt agat do stíl, cumadóireacht agus don tréimhse inar cuireadh i gcrích é.
**agus**
Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé achomair ar phictiúr amháin eile le Raphael.

**13.** Déan cur síos agus plé ar 'An Tuirlingt ón gCros' le Peter Paul Rubens (1577-1640), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** agus tagairt agat don téama, don chumadóireacht, don chaoi a bhfuil na fíoracha socraithe agus don stíl.

**agus**

Cén chaoi dar leat a gcuireann Rubens mothúcháin agus drámatacht in iúl ina shaothar? Déan tagairt do phictiúr eile leis i do fhreagra.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b) agus (c)

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- Damhsa
- Portráid de dhuine amháin
- Pictiúr ealaíne d'uisce
- Saothar dealbhóireachta le Rodin
- Saothar dealbhóireachta le Donatello
- Foirgneamh de chuid Le Corbusier

(b) Déan plé mion ar an saothar atá roghnaithe agat, agus tú ag tagairt do stíl, cumadóireacht/dearadh, teicníocht, agus don tréimhse ina ndearnadh é.

(c) Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé ar shampla amháin eile sa chatagóir céanna nó ar an dara saothar leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Bhí cáil ar na hImpriseanaithe mar gheall ar an gcaoi ar chuir siad solas agus an saol laethúil in iúl ina saothair. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do bheirt ealaíontóirí Impriseanaíocha agus tabhair mionchuntas ar phictiúr amháin atá lonnaithe lasmuigh ag gach duine den bheirt.
*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Na healaíontóirí a rinne forbairt ar an gCiúbachas, d'aimsigh siad bealaí nua chun an saol timpeall orthu a chur in iúl. Pléigh an Ciúbachas agus mínigh cén chaoi a raibh sé éagsúil leis an méid a bhí ann roimhe.

**agus**

Tabhair mionchuntas ar phictiúr Ciúbach amháin le Pablo Picasso (1881-1973) **nó** le Georges Bracque (1882-1963) agus nocht do thuairim féin ar an sampla atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**17.** Dúirt an dearthóir ón 19ú haois William Morris (1834-96) 'ná bíodh rud ar bith agaibh sna tithe nach bhfuil úsáideach, nó nach measann tú a bheith álainn'. Pléigh an ráiteas sin maidir le feidhm, foirm, ábhair, uigeacht agus dath dhá earra ar bith a bhíonn le fáil in áit chónaithe.
**<u>agus</u>**
Cad iad na rudaí is mó a chuirfeá san áireamh agus citeal leictreach **nó** ruga urláir á cheannach agat?
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** 'Tá ardcháilíocht ailtireachta riachtanach sa phleanáil uirbeach.'
Pléigh an ráiteas sin agus tú ag tagairt ***don léaráid ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra d'fheidhm, scála, tionchar ar an timpeallacht, tírdhreachú agus ábhair.
**<u>agus</u>**
Déan plé ar fhoirgneamh nua-aimseartha ar bith i do cheantar féin i gcomhthéacs an ráitis thuas.

**19.** Sainíonn lógó maith comhlacht agus a tháirge nó a sheirbhís ar an toirt.
(a) Sceitseáil agus déan cur síos go mion ar dhá lógó atá sár-éifeachtach dar leat.
**<u>agus</u>**
(b) Tabhair breac-chuntas ar na rudaí tábhachtacha is cóir a chur san áireamh agus lógó á dhearadh do chomhlacht earraí spóirt.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**20.** Is féidir le catalóga taispeántais, bileoga eolais agus treoracha turasóireachta eolas tagartha a chur ar fáil do chuairt ar ghailearaí ealaíne, ar mhúsaem nó ar shéadchomhartha náisiúnta.
(a) Déan cur síos, i d'fhocail féin, ar an gcaoi ar chuaigh a leithéid d'eolas i bhfeidhm ar do chuairt féin ar ghailearaí/mhúsaem/shéadchomhartha náisiúnta.
**<u>agus</u>**
(b) Pléigh na tréithe a bhaineann le dea-chatalóg.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**21.** Déan cur síos agus plé ar na cáilíochtaí físiúla a bhaineann le scannán de do rogha féin a scannánaíodh ar an láthair in Éirinn, nó ar scannán ina bhfuil téama Éireannach. Bíodh tagairt i do fhreagra do láthair, feisteas agus smideadh, obair cheamara, soilsiú agus dath.
**<u>agus</u>**
Déan cur síos ar an gcaoi a dtagann na cáilíochtaí atá pléite agat le chéile chun láthair agus atmaisféar an scannáin a chruthú.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**